Corcaíoch sa nuacht

Leibhéal B2

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi na gradaim Oscar. Pléigh na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat:

1. Cén fáth a bhfuil Cillian Murphy i mbéal an phobail faoi láthair?

2. Déanaigí liosta le chéile de na scannáin agus de na sraitheanna teilifíse a raibh sé mar aisteoir iontu. Cad é an ceann is fearr leat? Cén fáth?

3. Cé hiad na haisteoirí Éireannacha eile a bhfuil daoine ag caint fúthu faoi láthair?

4. Cad a cheapann tú faoi na scannáin seo: *Oppenheimer*, *Poor Things* agus *Barbie*?

5. Féach ar an ngearrscannán *Filleann an Feall* anseo. Cad a cheapann tú faoi?

Is féidir an gearrscannán a scanadh anseo.

B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

a) *were/was announced*	
b) *nomination*	
c) *production company*	
d) *direct*	
e) *past pupil*	
f) *fame*	
g) *(to be) excited*	
h) *achievement*	
i) *many*	
j) *podcast*	

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin?

3. Cén leagan atá agat féin de ‘mar gheall ar’? _____

4. An bhfuil bealach eile agat chun ‘le deireanaí’ a rá? _____

5. Conas a déarfá féin, *I forgot to do it*? Agus cén leagan a bhí sa mhír?_____

C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus breacaigí síos na pointí eolais is tábhachtaí. Caithfidh sibh achoimre ghearr a scríobh ar an méid a dúradh. Bíodh na pointí eolais thíos san áireamh san achoimre:

- ✓ Na hainmniúcháin ar fad a luadh sa mhír.
- ✓ *Element Pictures*.
- ✓ Cillian Murphy.
- ✓ Peter O'Mahony.
- ✓ Iarscoil Chillian Murphy.

- ✓ Cathain agus cá háit a mbeidh na gradaim Oscar ar siúl.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (na briathra)

Líon na bearnaí sa script leis an bhfoirm cheart de gach briathar atá idir lúibíní. Tá an chéad cheann déanta duit, mar shampla.

Lá suntasach a **(bí, aimsir chaite)** **bhí** ann do na hÉireannaigh inniu nuair a **(fógair, saorbhriathar san aimsir chaite)** _____ na hainmniúcháin Oscar in Los Angeles, le Cillian Murphy **(ainmnigh, aidiacht bhriathartha)** _____ do ghradam Oscar don aisteoir is fearr dá ról sa scannán *Oppenheimer*. Tá trí ainmniúchán déag ina iomláine **(faigh, aidiacht bhriathartha)** _____ ag an scannán a stiúir Christopher Nolan. **(Buaigh, aimsir chaite)** _____ an t-aisteoir as Corcaigh *Golden Globe* le deireanaí agus **(ainmnigh, saorbhriathar san aimsir chaite)** _____ é do ghradam **Bafta** chomh maith. Lá mór do Choláiste na Toirbhirte, Corcaigh agus iarscoláire ainmnithe do ghradam Oscar. Ainmníodh iarscoláire eile le deireanaí, Peter O'Mahony, mar chaptaen ar fhoireann rugbaí na hÉireann.

2: Cruinneas gramadaí (na horduimhreacha)

a) Bhí trí shampla de na horduimhreacha sa mhír. Ar chuala tú iad?

b) Scríobh amach na horduimhreacha ó 1 – 10 sa tábla thíos. Ansin cuir an fhoirm cheart de gach ainmfhocal sna bearnaí cuí. Tá sampla amháin déanta duit.

	na horduimhreacha	lá	bliain	urlár	dalta
1		**lá**			
2		**lá**			
3					
4	an ceathrú				
5					
6					
7					
8					
9					
10					

c) Féach: **an deichiú lá de mhí an Mhárta**. Scríobh amach na dátaí thíos i bhfocail:

26/02	
31/10	

E: CUMARSÁID

1: Caint

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na tascanna seo:

a) Féach ar na pictiúir thíos leat féin ar dtús agus:

- ✓ Roghnaigh dhá cheann acu – an ceann is mó a thaitníonn leat agus an ceann is lú a thaitníonn leat.
- ✓ Déan do mhachnamh ar cén fáth ar roghnaigh tú an dá phictiúr sin.

b) Labhair leis an duine in aice leat ansin agus mínígí bhur gcuid roghanna dá chéile.

c) Pléigí na ceisteanna seo le chéile freisin:

- ✓ Cad iad na scannáin atá feicthe agat le tamall anuas?
- ✓ Cad é an scannán is fearr a chonaic tú le tamall anuas? Cén fáth?

Scannán aicsin

Scannán rómánsúil

Scannán beochana

Scannán uafáis

2: Scríobh

Scríobh postáil do na meáin shóisialta ag tuar thorthaí na ngradam Oscar. Is leor plé a dhéanamh ar na catagóirí seo: an scannán is fearr; an t-aisteoir is fearr; an t-aisteoir tacaíochta is fearr. Mar shampla:

Is é mo thuairim go bhfaighidh Cillian Murphy an gradam don aisteoir is fearr dá ról sa scannán Oppenheimer.

Nó

Scríobh postáil ghearr do na meáin shóisialta ag déanamh cur síos ar an scannán is fearr leat. Tabhair an oiread eolais agus is féidir leat faoin scannán agus faoin gcúis a dtaitníonn sé leat.

AN SCRIPT

Eibhlín Ní Choistealbha
Fógraíodh na hainmniúcháin Oscar in Los Angeles níos luaithe inniu. Lá mór a bhí ann do na hÉireannaigh, mar go bhfuil Cillian Murphy ainmnithe do ghradam Oscar don aisteoir is fearr dá ról sa scannán *Oppenheimer*. Tá trí ainmniúchán déag ar fad fachta[1] ag an scannán *Oppenheimer* agus aon ainmniúchán déag faighte ag an scannán *Poor Things,* a léirigh an comhlacht léiriúcháin in Éirinn, *Element Pictures*.

Máire Ní Bhraonáin
Lá suntasach a bhí ann do na hÉireannaigh inniu, nuair a fógraíodh na hainmniúcháin Oscar in Los Angeles, le Cillian Murphy ainmnithe do ghradam Oscar don aisteoir is fearr dá ról sa scannán *Oppenheimer*. Tá trí ainmniúchán déag ina iomláine faighte ag an scannán a stiúir Christopher Nolan. Bhuaigh an t-aisteoir as Corcaigh *Golden Globe* le deireanaí agus ainmníodh é do ghradam *Bafta* chomh maith. Lá mór do Choláiste na Toirbhirte, Corcaigh agus iarscoláire ainmnithe do ghradam Oscar. Ainmníodh iarscoláire eile le deireanaí, Peter O'Mahony, mar chaptaen ar fhoireann rugbaí na hÉireann.

Mícheál Mac Eoin, Múinteoir i gColáiste na Toirbhirte, Corcaigh
Gan dabht, tá sé an-speisialta ar fad do phobal na scoile seo. Is dócha go bhfuil clú agus cáil ar an scoil maidir le cúrsaí spóirt agus na torthaí agus a leithéid, ach tá an drámaíocht fíorlárnach chomh maith. Bhí an scoil ar fad ar bís, is dócha, cúpla seachtain ó shin. Bhí an-bhród ar gach uile dhuine nuair a chuala siad mar gheall ar an ngaisce sin agus *The Golden Globe,* mar a déarfá. Ach, is dócha, an chéad chéim eile ná na hOscars anois.

Máire Ní Bhraonáin
Is iomaí éacht atá bainte amach ag Cillian, ó ghlac sé páirt sa ghearrscannán *Filleann an Feall* do TG4 sa bhliain 2000. Filleann Cillian ar a sheanscoil chomh maith.

Mícheál Mac Eoin, Múinteoir i gColáiste na Toirbhirte, Corcaigh
Nuair a bhí Cillian ina scoláire anseo, do ghlac sé páirt lárnach sna drámaí ar fad. Agus fiú amháin le déanaí, do tháinig sé thar n-ais chun labhairt leis an séú bliain agus do rinne sé podchraoladh chomh maith. *So*, ní dhearna sé dearúd[2] ar an scoil seo in aon chor.

Máire Ní Bhraonáin
Bhí an scannán *Poor Things* ón gcomhlacht léiriúcháin Éireannach, *Element Pictures*, i measc na scannán atá ainmnithe sa chatagóir don scannán is fearr agus aon ainmniúchán déag faighte aige. Fuair an scannán *Barbie* ocht n-ainmniúchán. Fógrófar na gradaim in Los Angeles ar an deichiú Márta.

Máire Ní Bhraonáin, Nuacht TG4

[1] fachta = leagan canúnach de 'faighte'
[2] dearúd = leagan canúnach de 'dearmad'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1:

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin. Maireann an gearrscannán timpeall fiche nóiméad. Mura bhfuil go leor ama agat féachaint ar an rud iomlán leis an rang, is féidir leat iarraidh ar na foghlaimeoirí spléachadh a thabhairt air chun an '*gist'* a fháil.

B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

was/were announced	fógraíodh
nomination	ainmniúchán
production company	comhlacht léiriúcháin
direct	stiúir
past pupil	iarscoláire
fame	clú agus cáil
(to be) excited	(a bheith) ar bís
achievement	gaisce, éacht
many	is iomaí
podcast	podchraoladh

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile acu de na focail.
3. Faoi, i leith, i dtaobh, fá dtaobh de.
4. Le déanaí, ar na mallaibh, le gairid.
5. Rinne mé dearmad air. 'Dearúd' a bhí sa mhír.

C: TUISCINT

Féach ar an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (na briathra)

a) Féach:

Lá suntasach a **(bí, aimsir chaite)** **bhí** ann do na hÉireannaigh inniu nuair a **(fógair, saorbhriathar san aimsir chaite)** **fógraíodh** na hainmniúcháin Oscar in Los Angeles, le Cillian Murphy **(ainmnigh, aidiacht bhriathartha)** **ainmnithe** do ghradam Oscar don aisteoir is fearr dá ról sa scannán *Oppenheimer*. Tá trí ainmniúchán déag ina iomláine **(faigh, aidiacht bhriathartha)** **faighte** ag an scannán a stiúir Christopher Nolan. **(Buaigh, aimsir chaite)** **Bhuaigh** an t-aisteoir as Corcaigh *Golden Globe* le deireanaí agus **(ainmnigh, saorbhriathar san aimsir chaite)** **ainmníodh** é do ghradam *Bafta* chomh maith. Lá mór do Choláiste na Toirbhirte, Corcaigh agus iarscoláire ainmnithe do ghradam Oscar. Ainmníodh iarscoláire eile le deireanaí, Peter O'Mahony, mar chaptaen ar fhoireann rugbaí na hÉireann.

2: Cruinneas gramadaí (na horduimhreacha)

a) ‘An chéad chéim’, ‘an séú bliain’ agus ‘an deichiú Márta’.

b) Féach:

	na horduimhreacha	lá	bliain	urlár	dalta
1	an chéad	**lá**	b**h**liain	urlár	dalta
2	an dara	**lá**	bliain	**h**urlár	dalta
3	an tríú				
4	an ceathrú				
5	an cúigiú				
6	an séú				
7	an seachtú				
8	an t-ochtú				
9	an naoú				
10	an deichiú				

c) Féach: **an deichiú lá de mhí an Mhárta**. Scríobh amach na dátaí thíos i bhfocail:

26/02	An séú lá is fiche de mhí Feabhra.
31/10	An t-aonú lá is tríocha de mhí Dheireadh Fómhair.

E. Cumarsáid

1: Caint

Tabhair deis do na beirteanna na pictiúir a chur i gcomparáid le chéile agus plé a dhéanamh ar na scannáin a thaitníonn leo.

2: Scríobh

Iarr orthu postáil a scríobh faoi thorthaí na ngradam Oscar **nó** píosa a scríobh faoin scannán is fearr leo.

Curtha ar fáil ag
Ollscoil Mhá Nuad, Ollscoil na hÉireann Má Nuad
Lárionad na Gaeilge, Taighde, Teagasc & Tástáil
le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
TG4